
# ELeathanach 419

Dé Luain, an 10 Deireadh Fómhair 2022




*An Slipéar Gloine*, Údar: Fearghas Mac Lochlainn, Maisitheoir: Paddy Donnelly Foilsitheoir: Futa Fata

## Gradam Réics Carló

Bronnann an tOireachtas an gradam seo ar leabhar Gaeilge do pháistí. Is ionann gradam agus duais.

Dé Céadaoin, d'fhógair an tOireachtas gur bhuaigh *An Slipéar Gloine* - le Fearghas Mac Lochlainn - an duais. Is leabhar do pháistí óga é seo agus is leagan véarsaíochta de scéal *Luaithríona* é.

Bhí *Spluff Splaifeirtí agus an tIonradh Ar an bPláinéad Marz* le Ré Ó Laighléis ar an ngearrliosta chomh maith.

Is scéal é seo do pháistí 10-12 bliain agus tá sé lán den mhistéir agus d'eachtraí éagsúla ar an bpláinéad Marz! Bhuaigh an leabhar seo duais an Oireachtais anuraidh.




*Spluff Splaifeirtí agus an tIonradh Ar an bPláinéad Marz* Údar: Ré Ó Laighléis Maisitheoir: Ray Mc Donnell Foilsitheoir: Móinín





## Poist nua ag ceathrar in Antartaice!

D'fhógair an *UK Antarctic Heritage Trust* poist ar Oileán Goudier in Antartaice. Léirigh 6,000 duine spéis san obair seo.

Beidh ceathrar ban ag dul ann go luath agus fanfaidh siad ann ar feadh cúig mhí. Beidh ar Clare Ballantyne, Mairi Hilton, Natalie Corbett agus Lucy Bruzzone traenáil a dhéanamh don turas fada, beagnach 15,000 ciliméadar.

Tá oifig an phoist ar an oileán agus beidh siad i gceannas air seo, ag seoladh 80,000 cárta ar fud an domhain.

Tá a lán piongainí ar an oileán chomh maith, agus beidh ar na mná na piongainí a chomhaireamh.

Beidh sé an-fhuar ar ndóigh, agus chomh maith leis sin, ní bheidh sé dorcha ach ar feadh tréimhse an-ghearr gach lá!

## *Matilda* 2022

Beidh an scannán *Matilda* sa phictiúrlann an mhí seo chugainn. Tá an scannán bunaithe ar an leabhar le Roald Dahl, agus is ceoldráma é. Is é seo an dara scannán bunaithe ar an leabhar.

An uair seo, tá Alisha Weir ag glacadh pháirt Matilda sa scannán. Tá Alisha 13 bliana d'aois agus is as Cnoc Lín í i mBaile Átha Cliath. Bhí sí ar bís nuair a chuala sí go bhfuair sí an pháirt sa scannán.

Bhí deis aici a bheith ag obair le haisteoirí cáiliúla. Ina measc, bhí Emma Thompson i bpairt Mrs Trunchbull sa scannán.





Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta